**Téarmaí tagartha d'imscrúdú arna dhéanamh ag Lorna Lynch SC Nuashonrú**

**Samhain 2024**

An 12 Lúnasa 2024, fuair an Cathaoirleach an tuarascáil imscrúdaithe scóipe a d'ullmhaigh Lorna Lynch SC. Ag eascairt as an tuarascáil agus de bhun comhairle dlí a fháil, is gá roinnt imscrúduithe breise atá faoi theorainn ama a dhéanamh anois i ndáil le gnéithe sonracha den tuarascáil.

Tá na himscrúduithe sin á ndéanamh ag an gCathaoirleach agus/nó thar a cheann. Úsáidfear an toradh a bheidh ar na himscrúduithe sin, agus caidreamh le páirtithe eile, chun bonn eolais a chur faoi thosca i ndáil le foilsiú na tuarascála imscrúdaithe scóipe.

Tá na himscrúduithe a luadh sa ráiteas dar dáta an 11 Meán Fómhair 2024 á mbreithniú go fóill, agus táthar ag súil go dtabharfar i gcrích iad ar ball beag. Ní bheidh an Bord Pleanála in ann aon ráiteas eile a thabhairt idir an dá linn.

## Cúlra

Tar éis tuairiscí sna meáin chumarsáide i mí Aibreáin 2022 ag ardú saincheisteanna i dtaobh coinbhleachtaí leasa féideartha, feidhmiú na mBord beirte agus nósanna imeachta maidir le leithdháileadh cáschomhaid agus leasuithe ar thuarascálacha cigirí, d'ordaigh Cathaoirleach an Bhoird Pleanála (an Bhoird) ag an am, David Walsh, do thriúr ball d'Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí an Bhoird athbhreithniú inmheánach a dhéanamh.

Scrúdaigh an fhoireann athbhreithnithe inmheánaigh thart ar 300 cáschomhad ('na Cáschomhaid').

Taobh amuigh de sin, rinne an OPR athbhreithniú ar chórais agus nósanna imeachta áirithe a úsáideann an Bord Pleanála. Mar chuid den athbhreithniú, d'fhoilsigh an OPR dhá thuarascáil a foilsíodh an 4 Deireadh Fómhair 2022 agus an 20 Nollaig 2022 ina bhfuil roinnt torthaí agus moltaí atá ceaptha le díriú ar shaincheisteanna straitéiseacha agus rialachais laistigh den Bhord Pleanála.

Tá roinnt forluí idir na hábhair a bhreithnigh an OPR agus na hábhair a bhreithnigh an fhoireann athbhreithnithe inmheánaigh.

**Téaraí tagartha do Lorna Lynch SC:**

Cuid 1:

Tá treoir tugtha ag Cathaoirleach an Bhoird Pleanála do Lorna Lynch SC anois imscrúdú scóipe a dhéanamh ar na hábhair seo a leanas, ag féachaint do na Cáschomhaid:

(I) Coinbhleachtaí leasa agus claonadh oibiachtúil nó iarbhír
(II) Dearbhuithe reachtúla faoi a.147 agus 148 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000
(III) Comhaid an Bhoird a leithdháileadh ar Chomhaltaí Boird agus ar Chigirí
(IV) Úsáid Boird bheirte
(V) Leasuithe ar thuarascálacha cigirí
(VI) Cumarsáid le páirtithe seachtracha lasmuigh de na bealaí foirmiúla reachtúla nó riaracháin

Le linn dó na hábhair seo a imscrúdú, tugtar treoir don imscrúdaitheoir:

(i) Athbhreithniú a dhéanamh ar a leithéid d'ábhar atá i seilbh an Bhoird Phleanála nó aonáin/daoine eile de réir mar is cuí leo,

(ii) Agallamh a dhéanamh, nó aighneachtaí scríofa a lorg ó cibé duine nó daoine a cheapann siad a bheith riachtanach,

(iii) Nuair a bheidh athbhreithniú den sórt sin agus aon agallaimh, a mheastar a bheith riachtanach, tugtha chun críche, tuairisciú do Chathaoirleach an Bhoird Pleanála, féachaint an bhfuil forais leordhóthanacha ann chun:
  a. I gcás comhalta Boird an t-ábhar a tharchur chuig an Aire lena bhreithniú cibé acu an raibh mí-iompar sonraithe ann de réir bhrí alt 106 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú;
  b. I gcás fostaí, nósanna imeachta a thionscnamh de réir nósanna imeachta araíonachta infheidhmithe.

Chun amhras a sheachaint, cuirfear an t-ábhar ar fad a bhreithnigh an fhoireann athbhreithnithe inmheánaigh ar fáil don imscrúdaitheoir agus féadann sí/sé tuilleadh faisnéise a iarraidh agus/nó cibé agallamh a chur ar an bhfoireann reatha agus ar iarchomhaltaí boird agus ar iarbhaill foirne de réir mar a mheasann sí/sé a bheith riachtanach chun an t-imscrúdú scóipe seo a thabhairt chun críche.

Má chinntear sa tuarascáil faoi (a) thuas go bhfuil forais leordhóthanacha i gcás

comhalta Boird chun an t-ábhar a tharchur chuig an Aire, féadfaidh Cathaoirleach an Bhoird Pleanála ansin an t-ábhar a tharchur chuig an Aire.

Má chinntear sa tuarascáil faoi (b) thuas go bhfuil forais leordhóthanacha ann i gcás fostaí próiseas araíonachta a thionscnamh, féadfaidh Cathaoirleach an Bhoird Pleanála ansin an t-ábhar a tharchur chuig an duine cuí faoi nósanna imeachta araíonachta an Bhoird.

Beidh an Cathaoirleach i dteideal freisin, tar éis athbhreithniú ar an tuarascáil, aon ábhar a tharchur chuig aon údarás reachtúil eile.

Cuid 2:

Tugtar treoir don imscrúdaitheoir freisin na moltaí a rinne an OPR ina thuarascálacha a foilsíodh an 4 Deireadh Fómhair 2022 agus an 20 Nollaig 2022 a bhreithniú a mhéid a bhaineann siad leis na hábhair ag I go VI thuas agus tuairisc a thabhairt don Chathaoirleach cibé acu an gá aon ábhair bhreise seachas na moltaí sin chun an riosca go ndéanfaidh na nithe seo difear d’ionracas agus do chothroime phróisis chinnteoireachta an Bhoird amach anseo a mhaolú chomh fada agus is féidir.

CRÍOCH